2024/2525

25.9.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2525 ÓN gCOIMISIÚN

an 23 Meán Fómhair 2024

maidir le haicmiú earraí áirithe san Ainmníocht Chomhcheangailte

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais ([1]), agus go háirithe Airteagal 57(4) agus Airteagal 58(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun a áirithiú go gcuirtear an Ainmníocht Chomhcheangailte atá i gceangal le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle ([2]) i bhfeidhm go haonfhoirmeach, is gá bearta a ghlacadh maidir le haicmiú na n-earraí dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

(2) Le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 leagadh síos na rialacha ginearálta maidir le léirmhíniú na hAinmníochta Comhcheangailte. Tá feidhm ag na rialacha sin freisin maidir le haon ainmníocht eile atá bunaithe go hiomlán uirthi nó a bhfuil cuid di bunaithe uirthi nó a chuireann aon fhoroinn bhreise léi agus a bhunaítear le forálacha sonracha de chuid an Aontais, d'fhonn bearta taraife agus bearta eile i ndáil le trádáil in earraí a chur i bhfeidhm.

(3) De bhun na rialacha ginearálta sin, na hearraí a bhfuil tuairisc orthu i gcolún (1) den tábla a leagtar amach san Iarscríbhinn, ba cheart iad a aicmiú faoin gcód AC a luaitear i gcolún (2), de bhua na gcúiseanna a leagtar amach i gcolún (3) den tábla sin.

(4) Is iomchuí a fhoráil, i ndáil le faisnéis taraife cheangailteach arna heisiúint i leith na n-earraí a bhaineann leis an Rialachán seo ar faisnéis í nach bhfuil i gcomhréir leis an Rialachán seo, go bhféadfaidh an sealbhóir, ar feadh tréimhse áirithe, leanúint den fhaisnéis sin a agairt i gcomhréir le hAirteagal 34(9) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013. Is tréimhse 3 mhí ba cheart a bheith sa tréimhse sin.

(5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an gCód Custaim,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Na hearraí a bhfuil tuairisc orthu i gcolún (1) den tábla a leagtar amach san Iarscríbhinn, aicmeofar iad san Ainmníocht Chomhcheangailte faoi na cóid AC a luaitear i gcolún (2) den tábla sin.

Airteagal 2

Faisnéis taraife cheangailteach nach bhfuil i gcomhréir leis an Rialachán seo, féadfar í a agairt fós i gcomhréir le hAirteagal 34(9) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 go ceann tréimhse 3 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 269, 10.10.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/952/oj.
([2]) Rialachán (CEE) ón gComhairle Uimh. 2658/87 an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1987/2658/oj).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meán Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin,
Ar son an Uachtaráin,
Gerassimos THOMAS
An tArd-Stiúrthóir
Ard-Stiúrthóireacht an Chánachais agus an Aontais Chustaim

IARSCRÍBHINN

Tuairisc ar na hearraí	Aicmiú (Cód AC)	Cúiseanna
(1)	(2)	(3)
Mionbhrístín teann an-leaisteach le haghaidh fear agus ban, atá déanta as fabraic theicstíle thanaí atá cniotáilte go ciorclach, as snáithíní de dhéantús an duine (96 % de phoileistear agus 4 % de leaisteán). Tá an chuid is mó den mhionbhrístín cniotáilte mar fheadán gan uaim. Tá uaim ag bun an táirge lena ndúntar an oscailt feadh cos amháin tríd an ngabhal go dtí bun na coise eile. Níl guiséad sa mhionbhrístín laistigh de ghabhal an táirge. Tá banda coime easnach atá leathan, teann agus an-leaisteach ag an mionbhrístín. Tá fáithim ar bhunanna chosa gearra an mhionbhrístín. An chuid de ar a bhfuil fáithim, tá sí an-leaisteach agus tá na cosa teann. Tá an mionbhrístín oiriúnach lena ní. Tráth an allmhairithe, dearbhaítear go bhfuil an mionbhrístín ina chuid de 'chóras bainistithe neamhchoinneálachta' (mionbhrístín agus pillíní neamhchoinneálachta). Mar gheall ar leaisteachas an mhionbhrístín, tá sé oiriúnach chun earraí éagsúla a fheistiú le craiceann an té atá á chaitheamh, mar shampla pillíní éagsúla (de mhéideanna agus cruthanna éagsúla) nó cóirithe créachtaí. Ní léir ó dhearadh an mhionbhrístín an bhfuil sé déanta chun pillíní nó cóirithe créachtaí a choinneáil. Ní dhéantar líneálacha naipcín ná pillíní súiteacha ná aon chineál cóirithe créachtaí a allmhairiú mar aon leis na mionbhrístíní feistithe. (Féach na híomhánna) (*)	6108 22 00	Is le rialacha ginearálta 1 agus 6 maidir le léirmhíniú na hAinmníochta Comhcheangailte, le Nótaí 1 agus 9 a ghabhann le Caibidil 61 agus le foclaíocht chóid AC 6108 agus 6108 22 00 a chinntear an t-aicmiú. Eisiatar an t-earra a aicmiú faoi cheannteideal 9619. Mar sin, ní earra é an mionbhrístín atá cosúil le haon cheann de na hearraí a chumhdaítear le ceannteideal 9619, toisc nach bhfuil ann ach mionbhrístín teann an-leaisteach le haghaidh fear agus ban, atá déanta as fabraicí teicstíle tanaí. Murab ionann agus gach earra eile a áirítear faoin gceannteideal sin, níl aon ghné shúiteach speisialta ag an mionbhrístín féin chun é a cháiliú mar naipcín (clúidín), mar shampla. Le hábhar an mhionbhrístín, ní chuirtear cosc le sceitheadh sreabhán coirp agus ní dhéantar leacht a ionsú ón gcorp (féach freisin Nótaí Míniúcháin an Chórais Chomhchuibhithe a ghabhann le ceannteideal 9619, an chéad mhír, agus Nóta Breise 1 a ghabhann le Caibidil 96 den Ainmníocht Chomhcheangailte, áit ina gcuirtear béim ar shaintréithe súiteacha na n-earraí sin). Thairis sin, eisiatar an t-earra a aicmiú faoi chód AC 9619 00 89 mar earraí le haghaidh chúram na neamhchoinneálachta. Ní féidir an t-earra a mheas mar earra neamhiomlán nó neamhchríochnaithe, neamhchóimeáilte (chuirfí an chuid shúiteach atá in easnamh leis i ndiaidh an allmhairithe) de réir bhrí RLG 2(a). Níl saintréith d'earra le haghaidh chúram na neamhchoinneálachta ag an mionbhrístín, ós rud é nach féidir a chinntiú ó dhearadh an mhionbhrístín cé acu atá nó nach bhfuil sé ceaptha a bheith mar chóiriú créachta nó le haghaidh neamhchoinneálachta, nó chun aon chríche eile lena n-éilítear táirgí a fheistiú le craiceann an té atá á chaitheamh. Dá bhrí sin, an mionbhrístín teicstíle leaistí gan aon ghné súite sreabhán, ní hearra de cheannteideal 9619 é. Tá an mionbhrístín cosúil, áfach, leis an mbrístín criotáilte le haghaidh fear nó ban a aicmítear faoi cheannteideal 6108 i bpointe 3 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 350/93 ón gCoimisiún [1], ar táirge é ar féidir pillín, mar shampla, a chur isteach ann agus a bheadh, sa chás sin, oiriúnach don neamhchoinneálacht, mar gheall ar a dhéanamh agus a leaisteachas suntasach. Ní eisiatar an mionbhrístín ó aicmiú faoi cheannteideal 6108 cé nach bhfuil guiséad ann. Dá bhrí sin, tá an t-earra le haghaidh fear agus ban le haicmiú faoi chód AC 6108 22 00 mar mhionbhrístíní do mhná nó do chailíní.

(*) Is le faisnéis a thabhairt, agus lena aghaidh sin amháin, atá na híomhánna ann.

([1]) Rialachán (CEE) Uimh. 350/93 ón gCoimisiún an 17 Feabhra 1993 maidir le haicmiú earraí áirithe san Ainmníocht Chomhcheangailte (IO L 41, 18.2.1993, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1993/350/oj).





